

Damhsa ar an sean-nós

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhamhsóir sean-nóis. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. múineann gá seift _____
2. soiscéal _____
3. ar fud na cruinne _____
4. srianta _____
5. is iomaí stíl _____
6. i gcaitheamh na mblianta _____
7. ar a sáimhín só _____
8. is é an t-údar is mó _____
9. dianghlasáil _____



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat iad a thuiscint.

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cad iad na stíleanna difriúla damhsa ar an sean-nós a luadh sa mhír?
2. Cén fáth a mbíodh Emma O'Sullivan ag tarraingt na sluaite i nGaillimh?
3. Conas a chuir Emma a cuid ranganna in oiriúint do shrianta COVID-19?
4. Cé hiad na foghlaimeoirí atá ag Emma?
5. Cén áit ar bhuail Emma agus Briain Mac Leoid le chéile?
6. Cén fáth ar thosaigh Caoimhe Ní Ghriallais ag foghlaim sean-nóis?

Ceist 3

'...shocraigh sí ranganna a dhéanamh ar líne...'

- A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló trom?
- B. Líon na bearnaí sna habairtí seo leis an bhfoirm cheart den bhriathar:
1. Ar mhiste leat an fhuinneog a _____ (oscail), le do thoil?
 2. Ní mór dúinn an aiste a _____ (scríobh) roimh dheireadh an lae.
 3. Bí cinnte an dinnéar a _____ (ith) anocht.
 4. An féidir leat an doras a _____ (dún)?
 5. Nach bhfuil an leanbh ag _____ (slog) an bhia?
 6. Téann Sheila ag _____ (imir) peile tar éis na scoile gach lá.
 7. Ní bhíonn mórán le _____ (abair) aige.
 8. Caithfidh tú an litir a _____ (cuir) sa phost inniu.
 9. Tá Seán ag _____ (léigh) an leabhair.
 10. Is breá liom mo chairde a _____ (feic) ag an deireadh seachtaine.

Ceist 4 ‘...is é an t-údar...’

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Aistrígí na habairtí agus na ceisteanna seo go Gaeilge. Bain úsáid as an chopail.

*The problem is I have no money.
Máire is the teacher.
Is Máire the teacher?
Are you the teacher?
Emma is a sean-nós dancer.*

Ceist 5 ‘... Múineann gá seift...’

Cad is brí leis na seanfhocail seo?

*Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin.
Is fearr an tsláinte ná an táinte
An té atá thuas óltar deoch air. An té atá thíos buailtear cos air.
An rud a théann i bhfad, téann sé i bhfuaire.
An té nach gcuireann san earrach ní bhaineann sé san fhómhar.*

Ceist 6 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Samhlaígí go gcasann eachtrán oraibh agus cuireann siad ceist oraibh – cad is sean-nós ann? Cad a déarfadh sibh leo?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. múineann gá seift – *necessity is the mother of invention*
2. soiscéal – *gospel*
3. ar fud na cruinne – *globally*
4. srianta – *restrictions*
5. is iomaí stíl – *many a style*
6. i gcaitheamh na mblianta – *over the years*
7. ar a sáimhín só – *in their element, content*
8. is é an t-údar is mó – *the main reason is*
9. dianghlasáil – *lockdown*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

A. An t-ainm briathartha.

B.

1. Ar mhiste leat an fhuinneog a **oscailt**, le do thoil?
2. Ní mór dúinn an aiste a **scríobh** roimh dheireadh an lae.
3. Bí cinnte an dinnéar a **ithe** anocht.
4. An féidir leat an doras a **dhúnadh**?
5. Nach bhfuil an leanbh ag **slogadh** an bhia?
6. Téann Sheila ag **imirt** peile tar éis na scoile gach lá.
7. Ní bhíonn mórán le **rá** aige.
8. Caithfidh tú an litir a **chur** sa phost inniu.
9. Tá Seán ag **léamh** an leabhair.
10. Is breá liom mo chairde a **fheiceáil** ag an deireadh seachtaine.

Ceist 4

The problem is I have no money.

Is é an fhadhb atá agam nach bhfuil aon airgead agam.

Máire is the teacher.

Is í Máire an múinteoir.

Is Máire the teacher?

An í Máire an múinteoir? (Is í. / Ní hí.)

Are you the teacher?

An tusa an múinteoir? (Is mé. / Ní mé.)

Emma is a sean-nós dancer.

Is damhsóir ar an sean-nós í Emma.

Ceist 5

Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin.

It's an ill-wind that blows no good / one man's loss is another's gain

Is fearr an tsláinte ná an táinte

Health is better than wealth.

An té atá thuas óltar deoch air. An té atá thíos buailtear cos air.

He who succeeds has a toast drunk to him, he who is down is sure to be kicked.

An rud a théann i bhfad, téann sé i bhfuair.

What is long delayed loses its appeal / procrastination is the thief of time

An té nach gcuireann san earrach ní bhaineann sé san fhómhar.

Whoever does not plant in the spring does not reap in the fall.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Múineann gá seift agus tá an damhsóir sean-nóis, Emma O'Sullivan, ag scaipeadh soiscéal an tsean-nóis ar fud na cruinne ó cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm. Is ar *Zoom* a mhúineann Emma a cuid steipeanna anois agus tá méadú mór ar líon na bhfoghlaimeoirí thar lear.

Aodhán Ó Maoileoin

Is iomaí stíl dhifriúil damhsa ar an sean-nós atá ag daoine. Baintear úsáid as scuaba¹, bairillí agus bíonn a chuid steipeanna féin ag gach uile dhuine. Tá cáil ar fud an domhain ar an damhsóir ar an sean-nós, Emma O'Sullivan, agus is iomaí stáitse feicthe aici i gcaitheamh na mblianta. Bhíodh sí ag tarraingt na sluaite ar shráideanna na Gaillimhe lena taispeántais sráide. Ach mar gheall ar an dianghlasáil is deireanaí ní raibh sí in ann leanacht² ar aghaidh leis agus shocraigh sí ranganna a dhéanamh ar líne. Zoom-nós a thugann a cuid scoláirí air.

Emma O'Sullivan, Rinn Mhaoile

D'fhógair mé ranganna *zoom* agus tháinig daoine ó gach uile thaobh den domhan. Oibríonn sé mar is rud é – tá siad in ann é a dhéanamh óna dtithe féin agus le linn na dianghlasála. Bhí imní orm ar dtús go mbeadh siad deacair le múineadh ach deir na scoláirí go bhfuil siad soiléir agus éasca le leanacht.

Aodhán Ó Maoileoin

Tá leathchéad duine as gach uile áit ar fud na cruinne ag glacadh páirte, ina measc, deichniúr as an tSeapáin agus deichniúr as an Airgintín agus iad in ann sin a dhéanamh ar a sáimhín só sa mbaile.

Briain Mac Leoid, Leódhas, Albain

Bhuail mé le Emma den chéad uair i gCeap Bhreatainn cúpla bliain ó shin, áit a raibh sí ag tabhairt taispeántas den damhsa sean-nóis ag Féile Idirnáisiúnta *Celtic Colours* agus bhí spéis láidir agam i gcónaí i sean-nós mar go bhfuil sé chomh láidir sin lenár ndamhsa traidisiúnta i gCeap Bhreatainn.

Caoimhe Ní Ghriallais, Indreabhán

Is é an t-údar is mó gur thosaigh mé á dhéanamh ná mar bhí mé ag iarraidh rud éigin difriúil a dhéanamh le linn an dara dianghlasáil a tháinig i bhfeidhm ansin cúpla seachtain ó shin. Bhí tú cineál ag iarraidh rud éigint³ a dhéanamh tráthnóna, so, feicimse anois go bhfuil sé i bhfad níos éasca é a dhéanamh ón mbaile

Aodhán Ó Maoileoin

An bhfeicimid ag *Steip* anois an chéad bhliain eile tú?

Caoimhe Ní Ghriallais, Indreabhán

Ní fheicfidh anois, fágfaimid é ag Emma agus ag an dream atá go maith aige sin.

Aodhán Ó Maoileoin

Tá an teicneolaíocht ag tabhairt an-chúnamh sa tréimhse dhianghlasála le gur féidir le daoine rudaí nua a fhoghlaim agus a mhúineadh.

Is cinnte go bhfuil tuilleadh ranganna agus tuilleadh cleachtaidh ag teastáil ó chuid againn.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4.

¹ *scuabanna* a dúradh

² *leanúint* an leagan caighdeánach

³ *éigin* an leagan caighdeánach